Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5079/22**

**ECOFIN 11**
**UEM 5**
**SOC 5**
**EMPL 4**
**COMPET 1**
**ENV 3**
**EDUC 2**
**RECH 4**
**ENER 2**
**JAI 8**
**GENDER 1**
**ANTIDISCRIM 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2022: Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe – Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí ón gComhairle i ndáil le Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe, mar a d’ullmhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais ar an 10–11 Eanáir 2022 é.

**SEIMEASTAR EORPACH 2022:**
**SUIRBHÉ BLIANTÚIL 2022 DON FHÁS INBHUANAITHE**

– Dréacht-Chonclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Déanann an Chomhairle (ECOFIN) an méid seo a leanas:

1. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur leagadh an bhunsraith chun téarnamh marthanach le hiarrachtaí comhordaithe an Aontais ag dul i ngleic le héifeachtaí phaindéim COVID-19 ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na rioscaí a bhaineann leis an éiginnteacht ard leanúnach atá ann maidir le héabhlóid na paindéime agus leis an méadú mór a tháinig le déanaí ar phraghsanna fuinnimh san Aontais agus scrogaill soláthair a théann i bhfeidhm ar tháirgeacht.

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI, TRÍD IS TRÍD, na tosaíochtaí eacnamaíocha a cuireadh chun cinn i Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe, lena n-áirítear an bhéim leanúnach ar inbhuanaitheacht iomaíoch i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. AONTAÍONN SÍ go bhfuil na ceithre ghné a threisíonn a chéile – inbhuanaitheacht chomhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch – chomh bailí céanna i gcónaí chun sprioc an Aontais maidir le haistriú i dtreo samhail inbhuanaithe, athléimneach agus chuimsitheach a bhaint amach.

3. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe ríthábhachtach d’fheidhmiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus gheilleagar an Aontais ina iomláine. IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirtear chun suntais tionchar eacnamaíoch an dhíghrádaithe comhshaoil agus an athraithe aeráide agus na riachtanais infheistíochta agus athchóirithe comhfhreagracha. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról comhlántach atá ag beartais eacnamaíocha fhioscacha agus struchtúrtha maidir le leochaileachtaí maicreacnamaíocha a laghdú agus dálaí fabhracha a chur ar fáil d’fhás eacnamaíoch inbhuanaithe. AONTAÍONN SÍ go gcuideodh doimhniú Aontas na Margaí Caipitil agus tabhairt chun críche an Aontais Baincéireachta le neartú na mbealaí cistiúcháin don gheilleagar, go gcuirfí chun cinn rannchuidiú na hearnála príobháidí leis na riachtanais shuntasacha infheistíochta, agus go gcuirfí le hathléimneacht eacnamaíoch agus sóisialta.

4. MEASANN SÍ gur cheart do na Ballstáit, agus láidreacht an téarnaimh á cur san áireamh agus leibhéal na héiginnteachta á léiriú, a bheith solúbtha i gcónaí maidir lena bhfreagairt don bheartas fioscach chun a bheith in ann freagairt d'éabhlóid na paindéime. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, agus iad ag aistriú de réir a chéile ó thacaíocht fhioscach ghinearálaithe go dtí bearta beartais níos spriocdhírithe, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar úsáid, éifeachtacht agus leordhóthanacht na mbeart tacaíochta agus a bheith réidh chun iad a oiriúnú d'athruithe sna himthosca de réir mar is gá, agus inbhuanaitheacht fhioscach á coimirciú sa mheántéarma.

5. AONTAÍONN SÍ gur cheart do na Ballstáit a bhfuil leibhéal íseal nó meánleibhéal fiachais acu seasamh fioscach tacúil a shaothrú in 2022; ba cheart do na Ballstáit a bhfuil ardleibhéal fiachais acu leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh agus leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, agus beartas fioscach stuama á shaothrú ag an am céanna. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an infheistíocht agus aird á tabhairt ar an ngá atá le héagsúlachtaí a laghdú agus comhdhéanamh airgeadais phoiblí lena gcothófaí an fás, chomh maith le creataí láidre fioscacha, a áirithiú, lena dtacófar le conair fáis an Aontais amach anseo agus lena n-éascófar aistriú glas agus aistriú digiteach ár ngeilleagar.

6. ADMHAÍONN SÍ go bhfuiltear ag súil le clásal ginearálta éalaithe an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú ó 2023. TÁ SÍ AG SÚIL le plé tráthúil maidir leis an treoir fhioscach a thíolacfaidh an Coimisiún don tréimhse atá amach romhainn chun comhordú na mbeartas fioscach a éascú agus lena léireofar an staid eacnamaíoch dhomhanda agus staid shonrach gach Ballstáit chomh maith leis an bplé ar an gcreat rialachais eacnamaíoch.

7. IARRANN SÍ go mbeadh meascán dea-ailínithe athchóirithe agus infheistíochtaí príobháideacha poiblí ann atá ina thaca don iomaíochas agus do chruthú post, arb é is aidhm dó cur leis an bhfostaíocht, táirgiúlacht agus an nuálaíocht agus tacú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach. AONTAÍONN SÍ gur foinse mhór táirgiúlachta do gheilleagar an Aontais é Margadh Aonair dea-fheidhmiúil, ina n-áirithítear iomaíocht chothrom agus éifeachtach.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé i gcónaí don téarnamh inbhuanaithe agus chun ceannaire claochlaitheach a dhéanamh den Eoraip, teicneolaíochtaí digiteacha agus glasa a ghlacadh go pras agus a scaipeadh ar bhonn níos leithne. AONTAÍONN SÍ go bhfuil feabhsuithe in éifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíocht leantach san aistriú glas ríthábhachtach chun praghsanna inacmhainne fuinnimh a áirithiú amach anseo.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór cothroime agus cuimsitheacht a bheith i gcroílár an téarnaimh ón sleabhcadh eacnamaíoch, arb í an phaindéim is cúis leis, agus an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór an t-aistriú tionsclaíoch agus infheistíocht mhéadaithe sa teicneolaíocht a chomhlánú trí infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus i scileanna, go háirithe scileanna digiteacha.

10. ADMHAÍONN SÍ cumas na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta cur leis an téarnamh eacnamaíoch agus fás láidir inbhuanaithe an Aontais a neartú, chomh maith leis an ról atá aici geilleagar athléimneach, glas, digiteach a bhaint amach san Aontas. IARRANN SÍ go ndéanfaí na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go tráthúil, go hiomlán agus go héifeachtach, ar pleananna iad lena dtugtar aghaidh ar réimse leathan dúshlán eacnamaíoch a sainaithníodh le blianta beaga anuas. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le faireachas cuimsitheach leanúnach ar bheartas eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear dlúthfhaireachán ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuireann an Seimeastar Eorpach tús arís in 2022 lena chomhordú leathan ar bheartas eacnamaíoch, fioscach agus fostaíochta, lena n-áirítear foilsiú tuarascálacha cuíchóirithe tíre agus glacadh moltaí tírshonracha. ADMHAÍONN SÍ an gá atá leis an Seimeastar Eorpach a oiriúnú ar bhonn sealadach do chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus IARRANN SÍ go ndéanfaí sineirgí agus ceanglais tuairiscithe chuíchóirithe a áirithiú faoin dá phróiseas, lena n-áirítear ról na gclár náisiúnta um athchóiriú a shonrú.

12. IARRANN SÍ go mbeadh an Seimeastar Eorpach dírithe i gcónaí ar bheartais eacnamaíocha, fhioscacha agus fostaíochta agus an Coimisiún ag leanúint de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha na Náisiún Aontaithe a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha á chur i bhfeidhm go leanúnach, lena dtugtar aghaidh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann cheana, a méadaíodh go mór de bharr ghéarchéim COVID-19, nó a tháinig chun cinn as an nua.

13. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá faireachas iltaobhach agus dlúthchomhordú beartais agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá idirphlé trédhearcach idir an Coimisiún agus na Ballstáit i ngach céim den Seimeastar Eorpach agus den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

14. LEANANN SÍ leis an bplé faoin athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE rún an Choimisiúin treoirlínte a chur ar fáil maidir le hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat rialachais eacnamaíoch. ADMHAÍONN SÍ gur gá teacht ar chomhaontú ginearálta, ós rud é go bhfuil na Ballstáit uile, institiúidí an Aontais agus na príomh-gheallsealbhóirí freagrach as feidhmiú éifeachtach an chreata faireachais.